# Stádas Oibre
# Saibhir nó daibhir?

- Léigh na habairtí seo a leanas.
- Scríobh do rogha de na habairtí sa bhosca le gach ceann acu.
- Faigh amach an raibh do pháirtnéir den tuairim chéanna.
- Ansin, scríobh ceithre abairt cosúil leis na habairtí 1- 4 sna spásanna cuí 5-8.
- Úsáid do shamhlaíocht.
- Tá focail ag bun an leathanaigh chun cabhrú leat más gá.
- Léigh na habairtí sin amach do do pháirtnéir.
- Beidh air a thuairim a chur in iúl. Scríobh isteach a thuairim.
- Tuillim / *I earn*

Tá an pá an-mhaith. Tá an pá go dona.

Tá an pá measartha maith.

**1.** Is freastalaí mé sa Ritz i Londain. Tuillim £500 gach seachtain.

______________________________________________

**2.** Is tógálaí mé san India. Tuillim €100 gach coicís.

______________________________________________

**3.** Is bunmhúinteoir mé i mBaile Átha Cliath. Tuillim €350 gach seachtain.

______________________________________________

**4.** Is dochtúir mé i Los Angeles. Tuillim $10,000 gach mí.

______________________________________________

**5.** ________________________________________________

________________________________________________

**6.** ________________________________________________

________________________________________________

**7.** ________________________________________________

________________________________________________

**8.** ________________________________________________

________________________________________________

**Foclóir:**

**Spásaire: astronaut**
**Aisteoir: actor**
**Máinlia: surgeon**
**cailín tí: maid**
**dlíodóir: lawyer**
**peileadóir: footballer**
**státseirbhíseach: civil servant**
**polaiteoir: politician**

# Mo ghairmré
# Rólchárta 1

**Post:** Múinteoir

**Áit:** Bunscoil na Trócaire

**Cineál poist:** Post buan

**Uaireanta oibre:** Tosaím ag obair ag a 9.00 gach maidin. Críochnaím ag a 2.30

**Éadaí:** Caithim gnáthéadaí

**An maith leat do phost?** Is maith liom mo phost go mór

**Tuarastal:** Go maith

...............................................✂...............................................

# Mo ghairmré
# Rólchárta 2

**Post:** Múinteoir

**Áit:** Pobalscoil Chloch na Fola

**Cineál poist:** Páirtaimseartha

**Uaireanta oibre:** Tosaím ag obair ag a 9.00 ar maidin agus críochnaím ag a 4.00 a chlog tráthnóna

**Éadaí:** Caithim gnáthéadaí

**An maith leat do phost?** Ní maith liom an post ar chor ar bith

**Tuarastal:** An-mhaith

# Mo ghairmré
# Rólchárta 3

**Post:** Banaltra

**Áit:** Ospidéal na Gaillimhe

**Cineál poist:** Sealadach

**Uaireanta oibre:** Oibrím uaireanta i rith an lae agus uaireanta i rith na hoíche

**Éadaí:** Caithim éide ghorm

**An maith leat do phost?** Is aoibhinn liom é

**Tuarastal:** Sách maith

.............................................✂ .............................................

# Mo ghairmré
# Rólchárta 4

**Post:** Banaltra

**Áit:** Clinic poiblí

**Cineál poist:** Buan ach páirtaimseartha

**Uaireanta oibre:** Óna naoi go dtí a cúig

**Éadaí:** Caithim éide bhán

**An maith leat do phost?** Is aoibhinn liom é

**Tuarastal:** Níl sé go maith

# Mo ghairmré
# Rólchárta 5

**Post:** Meicneoir

**Áit:** Garáiste Mhic Dhomhnaill

**Cineál poist:** Lánaimseartha, buan

**Uaireanta oibre:** Tosaím ag obair ag a 9.00 ar maidin agus críochnaím timpeall a 6.00

**Éadaí:** Caithim éadaí gorma

**An maith leat do phost?** Is breá liom é

**Tuarastal:** An-mhaith

.................................................✂.................................................

# Mo ghairmré
# Rólchárta 6

**Post:** Garda

**Áit:** Stáisiún na nGardaí, Bun Dobhráin

**Cineál poist**: Buan

**Uaireanta oibre:** Oibrím uaireanta i rith an lae agus uaireanta i rith na hoíche

**Éadaí:** Caithim éide ghorm

**An maith leat do phost?** Is maith liom é

**Tuarastal:** Sách maith

# Mo ghairmré
# Rólchárta 7

**Post:** Tiománaí bus

**Áit:** Bus Átha Cliath

**Cineál poist:** Buan

**Uaireanta oibre:** Oibrím uaireanta i rith an lae agus uaireanta i rith na hoíche

**Éadaí:** Caithim éide ghorm

**An maith leat do phost?** Is fuath liom é

**Tuarastal:** Ceart go leor

………………………………………✂………………………………………

# Mo ghairmré
# Rólchárta 8

**Post:** Bean an tí

**Áit:** Sa bhaile

**Cineál poist:** Lánaimseartha!

**Uaireanta oibre:** Oibrím i rith an lae agus i rith na hoíche

**Éadaí:** Caithim naprún!

**An maith leat do phost?** Is breá liom é uaireanta!

**Tuarastal:** Níl sé go maith!